

# Eolas do Thuismitheoirí/ Caomhnoirí Leanaí agus Daoine Óga ag a bhfuil Deacrachtaí nó Neamhoird Mothúchán agus/ nó lompair

Sa bhileog seo tá sé i gceist eolas a thabhairt do thuismitheoirí is do chaomhnóirí maidir le tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí is do dhaoine óga ag a bhfuil Deacrachtaí nó Neamhoird Mothúcháin agus/nó lompair (EBD) agus dá muintir.



## **Cad is brí le deacracht mothúchán agus/nó iompair (EBD)?**

Tá réimse leathan deacrachtaí mothúchán agus/nó iompair a théann i bhfeidhm ar fhorbairt leanaí agus daoine óga idir fhoghlaim agus fhorbairt shóisialta. Uaireanta bíonn imní agus deacrachtaí beaga ó thaobh iompair de a théann i ndearmad le himeacht aimsire ach bíonn fadhbanna níos measa ann leis a chuireann isteach ar an mbaint a bhíonn ag an leanbh le daoine. Líon beag leanaí, beidh mórfhadhbanna acu a mhairfidh go ceann i bhfad.

Beidh gá uaireanta lena leithéid de leanbh/duine óg a sheoladh chuig measúnú proifisiúnta agus idirghabháil.

## **An Luath-Óige**

Bíonn gach aon leanbh deacair ó am go chéile. Bíonn imní ar gach aon leanbh ó am go chéile. Sin chuid den ghnáthphróiseas forbartha. Bíonn fadhb ann, áfach, má chuireann a leithéid isteach ar fhorbairt nó ar chaidreamh, más fadhb leanúnach í gan staonadh nó muna féidir í a mhaolú trí straitéis comónta um iompar a smachtú. Ó am go chéile d'fhéadfaí an saghas céanna iompar a aithint ar leanaí nach mbaineann EBD leo ar chor ar bith le linn dóibh a bheith ag forbairt. Gan dabht beidh mothúcháin éagsúla ag aon leanbh agus cuirfear in iúl iad.

## **Tacaíocht a fháil**

Má tá tú féin buartha faoi iompar nó imní an linbh ba chóir cúnaimh a lorg chomh luath agus is féidir. Tá sé ríthábhachtach tacu le leanaí ag a bhfuil EBD chomh luath agus is féidir sa saol chun cabhrú lena bhforbairt. Muna bhfuil an leanbh in aois scoile, d'fhéadfá labhairt leis an mbanaltra sláinte phoiblí nó leis an gceannaire naíonra. Bheadh eolas freisin ag an mbanaltra sláinte phoiblí faoi chúrsaí do thuismitheoirí. Tá roinnt clár ann a mbaineann tuismitheoirí leas astu atá bunaithe ar fhianaise.

## Measúnú Riachtanais

Faoin Acht Míchumais féadfaidh tuismitheoirí aon linbh a rugadh tar éis 1 Meitheamh 2002 Measúnú Riachtanais a lorg ó FSS más dóigh leo go bhfuil an leanbh faoi mhíchumas. An measúnú déanta, gheobhaidh siad Tuairisc Mheasúnaithe a mhíneoidh riachtanais an linbh, más ann dóibh, agus na seirbhísí cuí chun freastal orthu. Má bhíonn gá lena leithéid, ullmhófar ráiteas seirbhísí a shonraíonn na seirbhísí sláinte a chaithfear a sholáthar don leanbh agus míneofar na hacmhainní a bheidh ar fáil.

Má tá an leanbh ar scoil b'fhéidir go mba mhaith leat labhairt leis an múinteoir. D'fhéadfadh an scoil tacú leat nó tú a chur ar do shuaimhneas faoin iompar. Más gá, ullmhóidh an múinteoir/scoil plean in éineacht leat chun cabhrú leis an iompar a fheabhsú. Má bhíonn na deacrachtaí ar bhonn leanúnach d'fhéadfaí cabhair a lorg ó shíceolaí oideachais NEPS (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais). Má chuireann na fadhbanna isteach ar chaidreamh is ar fhorbairt an linbh sa bhaile agus lasmuigh de, b'fhéidir go molfadh an síceolaí NEPS go rachfaí chuig Seirbhís Chéadchúraim um Shíceolaíocht Chliniciúil nó chuig Seirbhís Mheabharshláinte Leanaí agus Déagóirí. (CAMHS) (féach na sonraí anseo thíos).

Sa lá atá inniu ann is minic eolas á lorg ar an idirlíon. Ní mór a mheabhrú, áfach, gur minic áibhéil ansiúd agus eolas a bhíonn míchruinn nó a chuirfeadh an duine amú. Maidir le sláinte agus le hoideachas an linbh, ba chóir dul chuig na foinsí cuí proifisiúnta.

## Oideachas an Linbh

### Réamhscolaíocht

Maoiníonn an Stát (Scéim ECCE) réamhscolaíocht saor in aisce do gach leanbh incháilithe sa bhliain réamhscolaíochta. Tá tuilleadh sonraí ar [www.dcy.gov.ie](http://www.dcy.gov.ie). Má bhíonn breis riachtanas ag leanaí ag a bhfuil EBD b'fhéidir go mbeidh siad i dteideal freastal ar naíolann nó ar láthair réamhscolaíochta atá á maoiniú ag FSS.

## Bunscoil agus Iarbhunscoil

Téann formhór na leanaí ag a bhfuil EBD chuig bunscoil agus meánscoil i dteannta cách, ach tacaíocht a bheith acu. Tá na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga ag a bhfuil deacrachtaí mothúchán agus/nó iompair mar a leanas:

- Tacaíonn an múinteoir ranga le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus féadfar ceachtanna nó saothar a oiriúnú don dalta más gá.
- Tugann múinteoir acmhainne nó tacaíocht fhoghlama breis ceachtanna más gá.
- I gcás daltaí a mbíonn cúram suntasach ag teastáil uathu mar gheall ar fhadhb aitheanta mothúchan/iompair, féadfaidh cúntóir um riachtanais speisialta (SNA) tacú leo. Bíonn an SNA freagrach as an gcúram agus an múinteoir freagrach as an dteagasc. Tá míniú ar na cúinsí um dháileadh SNA maidir le daltaí EBD i gCiorclán 0030/2014, atá ar fáil ar shuíomh idirlín an ROS: [www.education.ie](http://www.education.ie).
- Bíonn leanaí áirithe i dteideal tacaíochtaí breise mar shocruithe speisialta iompair scoile. Tá an t-eolas cuí ar fáil ar shuíomh idirlín an ROS ag [www.education.ie](http://www.education.ie).
- Daltaí a mbíonn dálaí ar bhonn buan nó fadtéarmach acu, deacrachtaí fisicigh, radhairc agus éisteachta nó deacrachtaí áirithe foghlama san áireamh, a chuirfeadh isteach go mór dar leo ar a gcuid oibre sna scrúduithe Stáit, féadfaidh siad iarratas a sheoladh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar áiseanna i bhfoirm socrú(uithe) réasúnta (RACE) chun cabhrú leo dul faoi na scrúduithe.

Téann líon beag daltaí, ag a bhfuil riachtanais chasta, chuig scoil nó rang speisialta dóibh siúd ag a bhfuil EBD. Ina leithéid de chás is ranganna beaga a bhíonn ann. Cuirfidh an SENO comhairle ort faoi scoileanna nó ranganna speisialta sa cheantar.

## **An Roinn Oideachais agus Scileanna: Polasaí**

I bpolasaí na Roinne díritear ar a chinntiú gur féidir le gach leanbh, iad siúd ag a bhfuil EBD san áireamh, teacht ar oideachas a bheidh oiriúnach dá gcuid riachtanas agus buanna féin. Tá sé mar pholasaí againn freastal orthu siúd ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta, EBD san áireamh, laistigh de ghnáthscoileanna i dteannta cách ach amháin más léir nach rachadh a leithéid de shocrú chun leas an linbh nó chun leas na leanaí a bheadh ar scoil ina theannta. Do leanaí ag a bhfuil riachtanais eile atá níos casta, tá tacaíocht ar fáil i rang speisialta sa ghnáthscoil. Bíonn rogha ag na leanaí seo, más cuí, bheith in éineacht le daltaí eile agus ag plé leo go páirtaimseartha nó go lánaimseartha. Uaireanta bíonn riachtanais leanaí chomh casta san gur fearrde iad a bheith ag freastal ar scoil speisialta.

## **An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)**

Oibríonn síceolaithe NEPS le tuismitheoirí, múinteoirí agus leanaí chun mianach an linbh a fhorbairt go hiomlán. I gcásanna áirithe aontóidh múinteoirí agus tuismitheoirí ar thacaíocht a lorg ón síceolaí NEPS má chuireann deacrachtaí an linbh isteach ar chumas foghlama agus ar chúrsaí sóisialta.

Tá bileog eolais do thuismitheoirí faoin tseirbhís NEPS ar fáil ar an suíomh idirlín atá ag: [www.education.ie](http://www.education.ie).

Gheofar treoracha an NEPS do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna maidir le tacaíocht i gcas deacrachtaí mothúchán agus iompair ar an suíomh céanna.

## **Seirbhísí Céadchúraim um Shíceolaíocht Chliniciúil**

De ghnáth is síceolaithe cliniciúla agus teiripeoirí Seirbhísí Céadchúraim um Shíceolaíocht Chliniciúil a bhíonn ar an bhfoireann. Soláthraítear seirbhísí síceolaíochta do leanaí idir 0-18 bliana d'aois agus dá muintir. Féadfaidh dochtúirí teaghlaigh, síceolaithe NEPS agus lucht profisiúnta eile leighis aon leanbh a sheoladh chucu. Oibríonn Síceolaithe Cliniciúla Chéadchúraim le tuismitheoirí agus leanaí má bhíonn deacrachtaí mothúchán agus iompair ann de dheasca, mar shampla, imní, tráma nó fadhbanna ceana. Díríonn an measúnú ar riachtanais mhothúchán an linbh agus ar idirghabháil mar theiripe feasa iompair, teiripe súgartha nó teiripe teaghlaigh mar réiteach ar na riachtanais aitheanta.

## **Seirbhís Meabharshláinte Leanáí agus Déagóirí (CAMHS)**

Seirbhís speisialtacha ildisciplíneach is ea é seo do leanáí agus déagóirí ag a bhfuil deacrachtaí móra idir chursaí mothúchán, iompair agus meabharshláinte. Déantar freastal ar dhaoine óga faoi bhun 16 bliana d'aois, cé go nglacann seirbhísí áirithe CAMHS le daoine idir 16-18 bliana d'aois atá fós in oideachas lánaimsearatha. Féadfaidh lucht proifisiúnta sláinte, mar dhochtúirí teaghlaigh, péidiatróirí agus síceolaithe oideachasúla nó cliniciúla a bhfuil baint acu leis an leanbh, iad a sheoladh chuig CAMHS. De réir riachtanas gach aon linbh/duine óig, mar theiripe cuimsítear comhairle aonair nó mar ghrúpa, síciteiripe, teiripe teaghlaigh agus cúrsaí do thuismitheoirí. Uaireanta moltar nó ordaítear cógas leighis. Sula ndéantar amhlaidh déantar measúnú iomlán agus pléitear an cás leis na thuismitheoirí. (Tá breis eolais faoi sheirbhísí FSS ar fáil ón Ionad Slainte Áitiúil nó ar an suíomh idirlín FSS [www.hse.ie](http://www.hse.ie)).

## **Eagraithe Riachtanais Oideachais Speisialta (SENO)**

Cuireann SENO seirbhís ar fáil go díreach do thuismitheoirí leanáí/daoine óga ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus do scoileanna. Ceadaíonn na SENO teagasc breise agus tacaíochtaí SNA sna scoileanna, de réir gá, chun tacú le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta.

Is acmhainn luachmhar iad na SENO do thuismitheoirí mar a leanas:

- Tugtar tacaíocht agus comhairle.
- Aithnítear socrúchán oiriúnach scoile don leanbh.
- Déantar teagmháil leis an scoil, le FSS agus le seirbhísí eile.
- Tugtar cúnamh maidir le trasnú an linbh chun scoile, idir scoileanna agus ar aghaidh arís nuair atá an leanbh réidh le scolaíocht.

Is feidir teacht ar an SENO áitiúil tríd an scoil nó ar shuíomh idirlín NCSE ag [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie).

## **Seirbhís Náisiúnta Tacaíocht Iompair (NBSS)**

Bíonn teacht ag scoileanna áirithe ar an NBSS a thugann tacaíocht sa ghearrthéarma do dhaltaí ag a bhfuil deacrachtaí mothúchán agus iompair. Tá breis sonraí ar fáil ar shuíomh idirlín an NBSS ag [www.nbss.ie](http://www.nbss.ie).

## Eolas breise

Gheobhaidh tuismitheoirí/caomhnóirí breis eolais i bhfoilseacháin NCSE:

- ***Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Leabhrán Eolais le haghaidh Tuismitheoirí***
- ***Roghnú Scoile: Treoir do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu***
- ***Eolas ar Oideachas agus Oiliúint Iar-Scoile maidir le Roghanna do Dhaoine Fásta agus Fágálaigh Scoile faoi Mhíchumas***

Iad san go léir ag [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie).

## Liosta Teagmhála

Is féidir teacht ar an **SENO** áitiúil tríd an scoil nó ag [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie).

**An Roinn Oideachais agus Scileanna:** [www.education.ie](http://www.education.ie).

**An tIonad Sláinte Áitiúil:** [www.hse.ie](http://www.hse.ie).

D'fhéadfá a bheith i dteideal tacaíochtaí eile agus gheofar an t-eolas cuí ar shuíomh idirlín **Faisnéis do Shaoránaigh** ag: [www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie) nó ó na Ranna Stáit cuí.

Suíomhanna idirlín agus eagraíochtaí tacaíochta eile:

**Aware: Tacú maidir leis an ngalar dubhach:** [www.aware.ie](http://www.aware.ie).

**Eolaí comhairleoirí/síciteiripeoirí creidiúnaithe:** [www.counsellingdirectory.ie](http://www.counsellingdirectory.ie).

**Eating Disorder Association of Ireland:** [www.bodywhys.ie](http://www.bodywhys.ie).

**Headstrong, Ionad Náisiúnta Meabharshláinte Óige:** [www.headstrong.ie](http://www.headstrong.ie).

**Hyperactivity Attention Deficit Disorder:** [www.hadd.ie](http://www.hadd.ie).

**Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (bunscoil):** [www.npc.ie](http://www.npc.ie).

**Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (iarbhunscoil):** [www.npcpp.ie](http://www.npcpp.ie).

**Cumann Síceolaithe Éireann:** [www.psihq.ie](http://www.psihq.ie).

**St. Patricks Mental Health Services:** [www.stpatricks.ie](http://www.stpatricks.ie).

**Special Needs Parents Association:** [www.specialneedsparents.ie](http://www.specialneedsparents.ie).

*Tabhair faoi deara le d'athair gur ar son an eolais atá an liosta seo agus nach liosta iomlán é. Tá gach seans nach raibh aon bhaint ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leis na heagraíochtaí agus nach féidir leo dul i mbannaí orthu ná ar a gcuid foirme. Ba chóir do thuismitheoirí a bheith lánchinnte i gcónaí maidir le hoiriúnacht eolas ar bith faoin leanbh a thabhairt d'aon tríú páirtí.*



## **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí.

Teil: 046 948 6400

Líon: [www.ncse.ie](http://www.ncse.ie)

R-phost: [info@ncse.ie](mailto:info@ncse.ie)